C/2026/3545

22.7.2026

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**Iomaíochas an Aontais agus an fhiontraíocht i measc daoine óga**

**(tústuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Cipire)**

(C/2026/3545)

Rapóirtéir: **Giuseppe GUERINI**

| | |
|---|---|
| Comhairleoirí | Samuel CORNELLA (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III)<br>Sophia ZAKARI (thar ceann Ghrúpa I) |
| Comhairliúchán | Litir dar dáta 14.10.2025 ó Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Bunús dlí | Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht |
| Dáta a glactha sa rannóg | 14.4.2026 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 29.4.2026 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 605 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 190/0/0 |

## 1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Measann CESE gur uirlis straitéiseach í an fhiontraíocht i measc daoine óga chun iomaíochas an Aontais agus a acmhainneacht nuálaíochta a neartú. D'fhéadfadh tábhacht nach beag a bheith léi freisin agus aghaidh á tabhairt ar dhúshlán an chomharbais ó ghlúin go chéile i gcuid mhaith FBManna Eorpacha.

1.2. Creideann CESE gur cheart rochtain a bheith ag daoine óga ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe ar phacáiste comhtháite tacaíochta airgeadais, seirbhísí meantóireachta, cóitseáil, cláir gorlainne gnó agus cúrsaí ardchaighdeáin oiliúna, agus iad curtha in oiriúint go cuí do riachtanais shonracha aonair agus oibríochtúla na bhfiontraithe óga.

1.3. Dá bhrí sin, molann CESE cur chuige iomlánaíoch a thabhairt chun cinn a chomhcheanglaíonn tacaíocht airgeadais le forbairt scileanna sonracha agus le cóitseáil fiontraíochta le haghaidh fiontraithe óga. D'fhéadfaí tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil trí chláir mheantóireachta ('*sponsorship programmes*') i gcomhar le fiontraithe deonacha eolacha.

1.4. Ceann de na fadhbanna is mó a bhaineann le forbairt fiontar atá á mbainistiú ag daoine óga ná gur deacair dóibh rochtain a fháil ar chaipiteal; ar an ábhar sin, molann CESE bearta agus ionstraimí malartacha caipitliúcháin agus maoiniúcháin a chur chun cinn de rogha ar an gcreidmheas bainc traidisiúnta, agus béim faoi leith a leagan ar fhiontair arna gcur ar bun ag daoine óga.

1.5. Maidir leis na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí ar leibhéal an Aontais chun an rómhaorlathas a laghdú, tá dóchas ag CESE go ndéanfar amhlaidh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil freisin, rud a chuirfidh creat reachtach níos fabhraí ar fáil do ghnólachtaí nua trí shimpliú cuí riaracháin agus rialála.

1.6. Dar le CESE, ba cheart oideachas cuimsitheach agus oiliúint inrochtana i réimse na fiontraíochta a áireamh freisin i gcuraclaim scoile agus oiliúna d'fhonn eolas a thabhairt do na glúnta óga ar an bhfiontraíocht, ar chruthú gnó agus ar chur chun cinn na ceardaíochta. Is suntasach an ról a d'fhéadfadh a bheith ag oiliúint sealaíochta ina leith sin, mar a ndíreofaí gach re seal ar an oideachas sa seomra ranga agus ar thréimhsí a chaitheamh i ngnólachtaí.

1.7. Ina cheann sin, measann CESE gur den tábhacht cláir ghníomhaíochta a chur chun feidhme lena gcomhcheanglaítear tacaíocht airgeadais, meastóireacht straitéiseach agus tacaíocht do scileanna fiontraíochta trí bhíthin uirlisí anailíseacha chun measúnú *ex ante* a dhéanamh ar thionscadail ghnó. Ba cheart do na huirlisí sin saincheisteanna agus láidreachtaí criticiúla a shainaithint roimh ré, d'fhonn is gur dóchúla go n-éireoidh le tionscnaimh ghnó nua.

1.8. Cuireann CESE chun suntais an tábhacht straitéiseach ar leith a bhaineann leis an oideachas airgeadais d'fhiontraithe nua, a d'fhéadfadh leas a bhaint dá réir as bunscileanna atá riachtanach chun tionscnaimh fiontraíochta nua a fhorbairt ar bhealach atá inmharthana ó thaobh airgeadais de.

## 2. **Cúlra an togra**

2.1. Tá CESE buíoch d'Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh as an tústuairim seo a iarraidh air.

2.2. Creideann CESE nach amháin gur freagra ar an dífhostaíocht é an fhiontraíocht a chothú i measc daoine óga, ach gur uirlis straitéiseach atá ann, ina theannta sin, chun iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an Aontais a neartú tráth atá cuspóir rathúnas fadtéarmach na hEorpa á chur de dhroim seoil toisc moill a bheith ar tháirgiúlacht, dúshláin dhéimeagrafacha a bheith ann agus méadú a bheith ar an iomaíocht dhomhanda. B'úsáideach an mhaise freisin an fhiontraíocht a chur chun cinn i measc daoine óga d'fhonn déileáil leis an gcomharbas ó ghlúin go glúin i gcuid mhaith FBManna Eorpacha.

2.3. De réir thuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal '*The Missing Entrepreneurs 2023 — Policies for Inclusive Entrepreneurship and Self-Employment*' [Fiontraithe éagmaise 2023 — Beartais maidir le Fiontraíocht agus Féinfhostaíocht Chuimsitheach] ([1]), in ainneoin an fhoinn fiontraíochta nach beag a léiríonn daoine óga le linn a gcuid staidéir, is íseal i gcónaí do líon na bhfiontraithe óga san Aontas Eorpach. Is áirithe go bhfuil acmhainneacht ann nár tarraingíodh uirthi go fóill agus is ábhar dóchais é go bhfuil straitéisí glactha ag beagnach trí cheathrú de Bhallstáit an Aontais chun fiontraíocht a chothú i measc daoine óga.

2.4. De réir na tuarascála céanna, b'fhearr le 40 % den aos óg san Aontas a bheith féinfhostaithe cé nach raibh ach 5 % (díobh siúd idir 18-30 bliain d'aois) ag obair i ngnólacht nuathionscanta idir 2018 agus 2022, agus gan ach 4 % eile i mbun gnólacht nua, mar atá cuideachta atá gníomhach le níos lú ná 42 mhí anuas (lch. 23) ([2]).

2.5. Luaitear i dtuarascáil ECFE / an Choimisiúin go mbeadh 7.5 milliún fiontraí sa bhreis san Aontas agus 34.1 milliún díobh sa bhreis i dtíortha ECFE dá mbeadh gach duine chomh gníomhach céanna maidir le cruthú gnó agus atá fir idir 30 agus 49 mbliana d'aois, ós é sin an cohórt is minice a shainaithnítear mar an grúpa is gníomhaí i gcruthú gnó agus is dóichí a chruthóidh gnólachtaí inbhuanaithe. Sa chás hipitéiseach sin, is ionann líon na bhfiontraithe 'éagmaise' agus 44 % dá bhfuil d'fhiontraithe iarbhír san Aontas agus 34 % dá bhfuil díobh i dtíortha ECFE; anuas air sin, tá bearnaí suntasacha i ngrúpaí déimeagrafacha áirithe, cuir i gcás mná, daoine óga agus daoine faoi mhíchumas. Creideann CESE go léiríonn na neamhionannais struchtúracha sin a phráinní atá sé conairí cuimsitheacha i dtreo na fostaíochta a chur chun cinn.

2.6. I mí Eanáir 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil eile inar deimhníodh a mhéad spéise atá ag daoine óga san fhiontraíocht ([3]). I gcás daoine óga, deir thart ar cheathrar as gach deichniúr díobh gur fearr leo a bheith ina bhfiontraí ná ina bhfostaí. Ina dhiaidh sin agus uile, níl ach duine as gach fiche díobh ag obair i ngnólacht nuathionscanta agus is ar éigean a ritheann le leath díobh sin gnólacht nua a chur ar bun.

([1]) ECFE/an Coimisiún Eorpach (2023), *The Missing Entrepreneurs 2023: Policies for Inclusive Entrepreneurship and Self-Employment* [Fiontraithe éagmaise 2023: Beartais maidir le Fiontraíocht agus Féinfhostaíocht Chuimsitheach], Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

([2]) Tuarascáil dar teideal '*The Missing Entrepreneurs 2023* [Fiontraithe éagmaise 2023]', https://www.oecd.org/en/publications/the-missing-entrepreneurs-2023_230efc78-en.html.

([3]) ECFE / an Coimisiún Eorpach (2026), '*Policy Pointers from the Youth Entrepreneurship Policy Academy*' [Pointí beartais ón Acadamh um Beartais Fiontraíochta don Aos Óg].

2.7. Cuirtear trí phointe thábhachtacha chun cinn sa tuarascáil le breathnú. Tá CESE i bhfách leo uile agus is mian leis an méid seo a leanas a athdhearbhú ina leith: (i) is cuid den infheistíocht sa todhchaí an infheistíocht i bhfiontraithe óga; (ii) sainaithníonn daoine óga gurb iad na bacainní is mó atá rompu agus iad ag iarraidh gnólacht a chur ar bun ná easpa cistí agus rioscaí airgeadais, agus is gá díriú ar na nithe sin; (iii) ní foláir fiontraithe óga a ullmhú don saol atá rompu, mar a n-úsáidtear an intleacht shaorga go fada fairsing.

2.8. Cé go n-aithníonn CESE gur cuireadh an iliomad tionscnamh dearfach chun feidhme cheana féin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát araon, creideann sé go bhféadfaí feabhas nach beag a chur ar an scéal thuasluaite sna blianta amach romhainn. Ba cheart don aos óg a bheith in ann an fhiontraíocht nó an fhéinfhostaíocht a roghnú go comhfhiosach seachas laincis a bheith orthu dul ina mbun toisc gan rogha fostaíochta dá malairt acu a bheadh cuibhiúil.

## 3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Tugann CESE dá aire, ag tarraingt dó ar eolas ón Eorabharaiméadar, go measann 64 % de na FBManna a ndearnadh suirbhé orthu gurb iad na bacainní ar fhás is mó dá bhfuil rompu ná na hualaí riaracháin agus rialála a chuirtear orthu, sin agus an chastacht mhaorlathach lena gcaitheann siad dul i ngleic; creideann CESE, dá bhrí sin, gur gá cláir um shimpliú a chur chun cinn. Ina theannta sin, tugann sé dá aire gur minic nach mbíonn na ráthaíochtaí caipitil ná an acmhainneacht chreidmheasa is gá ag go leor fiontraithe óga chun rochtain a fháil ar iasachtaí bainc nó ar shainchineálacha fóirdheontas poiblí.

3.2. Is minic a fhágann na dálaí sin go dtéann sé crua ar fhiontraithe óga gnólachtaí nua a chur ar bun, rud a chuireann bac orthu agus iad ag iarraidh smaointe fiontraíochta a iompú ina dtionscadail nithiúla inmharthana. Ós amhlaidh atá, creideann CESE gur cheart aghaidh a thabhairt ar an rochtain ar chreidmheas agus ar mhaoiniú mar thosaíocht straitéiseach, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, trí ionstraimí spriocdhírithe atá curtha in oiriúint do shaintréithe sonracha na fiontraíochta i measc daoine óga. I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE go gcuireann beagnach dhá thrian de Bhallstáit an Aontais deontais shaincheaptha ar fáil anois d'fhiontraithe óga agus go gcuireann thart ar 60 % de na Ballstáit cláir mhicreamhaoiniúcháin shaincheaptha ar fáil do dhaoine óga ([4]) agus tá sé ag iarraidh go gcuirfí tuilleadh acmhainní den chineál seo ar fáil dóibh.

3.3. Rud eile de, ach an tacaíocht airgeadais a chomhcheangal le tacaíocht agus forbairt scileanna sonracha, agus béim a chur ar chruinnmheasúnuithe *ex ante* ar thionscadail ghnó, feictear do CESE gur mó an seans go n-éireodh le tionscnaimh fiontraíochta agus, anuas air sin, go gcuirfí le hinfhostaitheacht na ndaoine óga lena mbaineann. Ar an dul sin, d'fhéadfaí a áirithiú gur fearr na deiseanna a bheidh acu rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair fiú mura n-éiríonn leis an ngníomhaíocht fiontraíochta ([5]).

3.4. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé daoine óga a spreagadh agus a áirithiú go bhfuil rochtain acu ar oiliúint agus oideachas ionchuimsitheach ar an uile leibhéal d'fhonn bua na fiontraíochta a chothú iontu. Is é an aidhm atá ann daoine óga a thabhairt isteach ar an uile chineál fiontraíochta, ó chruthú agus éadáil gnólachtaí go próisis aistrithe gnólachtaí (ar a n-áirítear i bhfoirm comharchumainn trí uirlis ceannaigh thar barr amach ag na hoibrithe). Ina theannta sin, is féidir le daoine óga bua na fiontraíochta a chothú trí thionscadail agus gníomhaíochtaí a bhainistiú i gcomhlachais, in eagraíochtaí cultúir agus spóirt, nó i ngnólachtaí.

3.5. Caithfidh cruthú gnólachtaí nua agus tacaíocht do ghnólachtaí nua a bheith fite fuaite le straitéis chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn, ní hamháin do shaoránaigh agus do theaghlaigh na hEorpa, mar atá luaite ag CESE cheana ([6]), ach, ar bhonn níos leithne, dóibh siúd ar mian leo fiontar a chur ar bun agus a fhorbairt atá inmharthana ó thaobh airgeadais de san fhadtéarma.

3.6. Tugann CESE dá aire freisin gur deacair fós do chineálacha áirithe fiontar a mbíonn tionchar sóisialta acu rochtain a fháil ar chaipiteal, agus is fiontair iad seo a mbíonn tóir ag daoine óga orthu, mar shampla fiontair shóisialta agus comharchumainn. Ní furasta do na fiontair seo infheisteoirí príobháideacha a mhealladh chucu mar gheall ar struchtúir shonracha úinéireachta agus ceanglais shonracha dhlíthiúla maidir le toradh íseal ar chaipiteal agus toisc nach féidir díbhinní a íoc. Dá thoradh sin, ní foláir do na gnólachtaí sin ionstraimí maoiniúcháin dá malairt a lorg, ainneoin nach bhfuil a leithéid forbartha go leor san Eoraip go fóill.

([4]) ECFE/ an Coimisiún Eorpach (2023), lch. 106.
([5]) IO C, C/2026/13, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/13/oj.
([6]) IO C, C/2025/5149, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5149/oj.

3.7. I dtíortha áirithe, bíonn ról gníomhach ag comhlachais ghnó maidir le fiontraíocht i measc daoine óga a chur chun cinn. Sampla amháin de sin is ea Ung Företagsamhet ('Fiontraithe Óga') nó UF, eagraíocht neamhbhrabúis sa tSualainn a bhfuil cur chuige an-phraiticiúil, an-nithiúil aici. Múineann sí prionsabail na fiontraíochta do dhaltaí meánscoile agus tugann deis dóibh gnólacht ceart cruthanta a chur ar bun agus a rith le linn na scoilbhliana. Sa Fhrainc, is féidir tionscadail ghnó a thástáil faoi chuimsiú chlár INCUBATEST (féach https://incubatest.bgeso.fr/). Sa Spáinn, cuid suntais é tionscadal BATERA — WE4ALL, clár fiontraíochta don aos óg atá dírithe ar an gclaochlú sóisialta agus eacnamaíoch. Is í Ollscoil Mondragon i gcomhar le roinnt comharchumann arna mbunú ag daoine óga, a reáchtálann an clár, agus é mar aidhm aige tionchar nach beag a imirt ar an tsochaí.

3.8. Ar an mórgóir, is mór an sásamh do CESE go bhfuil méadú ar an tacaíocht atá curtha ar fáil ag na Ballstáit le blianta beaga anuas do chláir atá dírithe ar an bhfiontraíocht i measc daoine óga, ina measc sin trí infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh iontu. Tugann CESE dá aire go méadaíonn ar an dóchúlacht go n-éireoidh leis na cláir sin i gcoibhneas lena mhéad a chuirtear in oiriúint iad do dhálaí sonracha na fiontraíochta áitiúla ar a bhfuil siad dírithe agus leis an mbéim a chuirtear ar na dálaí céanna.

3.9. Is díol sásaimh do CESE freisin na tionscnaimh ar an leibhéal Eorpach atá dírithe ar an bhfiontraíocht i measc daoine óga, cuir i gcás an Clár Oibre Eorpach um Scileanna, Tionscnamh an Aontais um Fhostaíocht don Aos Óg agus an Pacáiste Tacaíochta um Fhostaíocht don Aos Óg ('An Nasc leis an bhFostaíocht'), ós tionscnaimh iad sin a spreag na Ballstáit go minic chun gnímh ar mhaithe le fiontraithe óga.

3.10. Má chuirtear oideachas i réimse na fiontraíochta ar dhaoine óga, ní gá go gciallódh sin go rachaidh siad go léir le fiontraíocht. Ina dhiaidh sin agus uile, ba cheart a chinntiú leis, thar aon ní eile, go mbeidh rochtain ag an uile dhuine ar na scileanna agus ar na hacmhainní eolais is gá dóibh le bheith fiontraíoch d'fhonn páirt ghníomhach a ghlacadh i gcineálacha rannpháirtíochta gníomhaí sa saol gnó. Is iomaí sin slí shuimiúil ann chun fostaithe a rannpháirtiú i ngnólacht, mar shampla fiontair chomhoibritheacha nó rannpháirtiú fostaithe trí shásraí ionadaíochta dá bhforáiltear sa reachtaíocht Eorpach agus sa reachtaíocht náisiúnta.

3.11. Síleann CESE go mba thábhachtach oideachas fiontraíochta a thabhairt isteach ar leibhéil éagsúla agus i mbrainsí éagsúla den chóras oideachais agus é a dhéanamh inrochtana, go háirithe sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí tuilleadh feasachta a mhúscailt faoina thábhachtaí atá sé cur chuige gníomhach a shaothrú agus scileanna a shealbhú, idir scileanna praiticiúla agus teicniúla. I dtaca leis sin, tá tábhacht straitéiseach ar leith ag baint le hoiliúint sealaíochta ina bhfuil meascán den fhoghlaim sa seomra ranga agus taithí ar an láthair oibre i gceist léi.

3.12. Is den mhórthábhacht ról eacnamaíoch gníomhach a thabhairt do dhaoine óga, ní hamháin trí ghnólachtaí nua a chruthú, ach freisin trí rannpháirtíocht ghníomhach fheasach sa saol eacnamaíoch agus i ndinimic an mhargaidh saothair. Ar an ábhar sin, ní foláir an litearthacht airgeadais agus eolas ar chearta agus dualgais saothair a bheith mar chuid de na curaclaim oiliúna atá á gcur ar fáil ar na leibhéil éagsúla agus ní mór an méid sin a bheith inrochtana do na grúpaí uile.

3.13. Tugann CESE dá aire go bhfuil an ró-mhaorlathas agus costais arda chomhlíontachta ar na bacainní is mó dá bhfuil ann ar fhorbairt na fiontraíochta agus an iomaíochais Eorpaigh i gcoitinne, rud a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha Draghi agus Letta ([7]), ach freisin, agus thar aon ní eile, gur bacainní iad ar an bhfiontraíocht i measc daoine óga, ós amhlaidh atá an t-aos óg níos leochailí ina leith. Creideann CESE gur cheart na bearta simpliúcháin atá á gcur i ngníomh ar leibhéal an Aontais a chur i bhfeidhm freisin ar an leibhéal náisiúnta, rud a dhéanfaidh deimhin de go gcruthóidh an creat reachtach simplithe agus cobhsaí timpeallacht atá níos fabhraí do ghnólachtaí nua.

3.14. Dar le CESE, más cuid de líonraí gnó agus sóisialta na fiontraithe óga, is féidir leis sin tairbhe nach beag a dhéanamh dóibh trí rochtain ar chomhpháirtíochtaí, líonraí gnó, custaiméirí, soláthraithe agus infheisteoirí a éascú dóibh. Ar an gcaoi chéanna, is mór an áis dóibh a bheith in ann dea-chleachtais agus taithí a mhalartú le chéile sna líonraí sin, rud a chuidíonn le scileanna agus nuálaíocht a neartú agus le héiceachórais ghnó níos cuimsithí agus níos dinimiciúla a chothú.

3.15. Is díol sásaimh do CESE gur sheol thart ar dhá thrian de Bhallstáit an Aontais tionscnaimh líonraithe dírithe ar fhiontraithe óga, agus é mar aidhm acu a líonraí gairmiúla siúd a leathnú agus idirghníomhaíocht le fiontraithe seanbhunaithe a chothú ([8]). Tá CESE ag iarraidh go neartófaí na tionscnaimh sin a thuilleadh, agus go leagfaí béim ar leith ar an rialachas áitiúil agus réigiúnach.

([7]) IO C, C/2025/2004, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2004/oj.
([8]) ECFE / an Coimisiún Eorpach (2023), lch. 107.

3.16. Cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé an bhearna dhigiteach a laghdú agus rochtain ar theicneolaíochtaí a éascú chun tacú le nuálaíocht agus iomaíochas gnólachtaí, rud a bheadh ag teacht leis na hinfheistíochtaí a rinneadh cheana san aistriú digiteach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Ós amhlaidh atá, tugann CESE le fios gur den ríthábhacht ardscileanna in úsáid na hintleachta saorga a fhorbairt go háirithe chun tacú le gníomhaíochtaí na bhfiontraithe óga san am atá romhainn.

3.17. Is mian le CESE béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé tacú le hidirnáisiúnú FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, go háirithe iad siúd atá faoi stiúir fiontraithe óga. Téann sé rite le gnólachtaí beaga nuathionscanta rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta toisc a theoranta atá a gcuid acmhainní airgeadais agus a laghad taithí atá acu ar an trádáil idirnáisiúnta; is amhlaidh sin freisin toisc an chastacht faoi leith a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann.

3.18. Sa chomhthéacs sin, cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá sé ionstraimí a neartú chun tacú leis an idirnáisiúnú, mar shampla seirbhísí faisnéise agus sainchomhairle, sin agus cláir mhalartaithe agus cláir a chuireann rochtain ar líonraí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta chun cinn. Dá gcuirfí tacaíocht spriocdhírithe ina leith seo ar fáil, ní hamháin go gcuirfí feabhas ar iomaíochas agus acmhainneacht fáis gnólachtaí arna mbunú ag fiontraithe óga, ach d'fhéadfaí leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuireann an Margadh Aonair ar fáil, rud a chothódh cruthú gnólachtaí níos nuálaí agus níos athléimní san fhadtéarma.

3.19. I ndáil leis sin, síleann CESE gur den áisiúlacht scéimeanna soghluaisteachta d'fhiontraithe óga a fhorbairt a thuilleadh ar an leibhéal Eorpach, ós rud é go gcuidíonn siad leo teagmhálacha idirnáisiúnta a bhunú agus margaí éagsúla a thuiscint. Mar shampla, d'fhéadfaí raon feidhme an chláir Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga a leathnú agus tacú le gnólachtaí atá faoi sheol cheana féin agus iad faoi úinéireacht daoine óga, ar gnólachtaí iad ar mian leo a ngníomhaíochtaí san Eoraip a leathnú.

3.20. Tá súil ag CESE go mbeidh caibidlí faoi ghnólachtaí nua arna mbunú ag fiontraithe a bhfuil a bhformhór faoi bhun 35 bliana d'aois sa Chiste Eorpach nua um Iomaíochas, a tugadh isteach sna tograí don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034.

3.21. Creideann CESE nár cheart forbairt an iomaíochais a bheith dírithe ar an iomaíocht eacnamaíoch a ghríosadh, agus airsean amháin, ná ar an mbonn a bhaint ón gcuimsiú sóisialta. Trí fhoirm láidir chuimsitheach inbhuanaithe nuálach den fhiontraíocht a chur chun cinn, is féidir an t-iomaíochas a chothú agus is bealach maith é sin freisin chun rathúnas eacnamaíoch nua a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí chlár oibre an Choimisiúin. Chun an bhearna iomaíochais idir an tAontas agus bloic thrádála eile a laghdú, cuireann CESE chun suntais gur gá an t-oideachas agus an taighde a neartú ós cranna tiomána na nuálaíochta agus an iomaíochais iad, mar a tugadh faoi deara i dtuarascáil Letta, áit ar iarradh go bhforbrófaí an cúigiú saoirse gluaiseachta, ceann a bheadh dírithe ar an oideachas, ar an taighde agus ar aistriú eolais idir na Ballstáit.

3.22. Tugann CESE dá aire go bhfuil straitéisí forbartha ag thart ar thrí cheathrú de Bhallstáit an Aontais chun tacú leis an bhfiontraíocht i measc daoine óga, agus nach bhfuil bearta tacaíochta chomh sainithe céanna ann do spriocghrúpaí eile. Go háirithe, tá straitéisí i bhfeidhm ag níos lú ná 60 % de na Ballstáit chun tacú le hathiontráil sa mhargadh saothair trí fhéinfhostaíocht nó chun fiontraíocht na mban a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá súil ag CESE go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí chun na bearnaí sin a laghdú agus chun tacaíocht chuimsitheach leordhóthanach a áirithiú do na grúpaí daoine uile ar mian leo a bheith ina bhfiontraithe, rud a chuideoidh leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an gcomhionannas deiseanna a neartú.

3.23. Is iomaí staidéar ar an mbochtaineacht ann a léiríonn go bhfuil sciar suntasach d'aos óg na hEorpa i mbaol na bochtaineachta agus gurb é a thagann de chineálacha áirithe féinfhostaíochta (cuir i gcás oibrithe a bheith ar fostú ar ardáin seachadta dhigiteacha) ná 'bochtaineacht lucht oibre' a chruthú. Tá a thuairim léirithe ag CESE san am atá thart ([9]) faoina thábhachtaí atá sé don Aontas na Ballstáit a spreagadh le deimhin a dhéanamh de go mbeidh rochtain ag daoine féinfhostaithe ar chosaint leordhóthanach i gcás ina bhfágtar iad ar díth fostaíochta ar bhonn sealadach.

3.24. Leagann CESE béim freisin ar an ról tábhachtach atá ag an ngeilleagar sóisialta maidir le cultúr na rannpháirtíochta gníomhaí a chothú i measc an aosa óig, trí rannpháirtíocht chuimsitheach sa mhargadh saothair a chothú trí shamhlacha gnó atá dírithe ar an duine agus atá daonlathach, iomaíoch agus spreagúil ar leibhéal na sochaí.

([9]) IO C, C/2025/2964, 16.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2964/oj.

3.25. Sna hiarrachtaí atá ar siúl chun an fhiontraíocht a spreagadh i measc daoine óga, ba cheart cosaint de shaghas éigin don 'cheart chun dara deis' a áireamh iontu, sin agus aitheantas a thabhairt don teip mar dheis foghlama, i dtreo gur lú eagla a bheidh ar fhiontraithe óga roimh rioscaí. B'úsáideach an mhaise freisin córais tacaíochta coiscthí a chur ar fáil do ghnólachtaí nuair a theagmhaíonn géarchéim leo, sin agus an chéad diúltú a thabhairt d'fhiontraithe óga sna cásanna sin ina mbíonn na gnólachtaí i gceist á ndíol.

An Bhruiséil, an 29 Aibreán 2026.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Séamus BOLAND